Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0296 (NLE)**

**13637/22**
**ADD 1**

**LIMITE**

**TRANS 646**
**COWEB 117**
**ELARG 84**

PUBLIC

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 a ghlacadh |

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. .../2022**
**Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH**
**AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an …**

**maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair**
**le haghaidh 2023 a ghlacadh**

PUBLIC

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[1], agus go háirithe Airteagal 24(1) agus Airteagal 35 de,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] IO AE L 278, 27.10.2017, lch. 3.

*Airteagal 1*

Glactar leis seo buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de na rialacha airgeadais agus nósanna imeachta iniúchta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, féadfar leithreasuithe de líne bhuiséid ar leith le haghaidh bhuiséad 2023 a úsáid chun críocha a bhaineann le líne bhuiséid eile, laistigh den teorainn iomlán 10 % de leithreasuithe na líne buiséid ar leith sin. Ní bheidh feidhm aige sin maidir leis an líne bhuiséid a bhaineann le buiséad na n- acmhainní daonna.

2. Maidir le leithreasuithe a thugtar ar aghaidh chun oibleagáidí a shínítear ag deireadh 2022 a chomhlíonadh, mar a shonraítear sa bhuiséad a ghabhann leis seo, ní bheidh siad incháilithe le haghaidh na húsáide dá dtagraítear i mír 1. Ní chuirfear san áireamh iad chun an t- uasmhéid a chomhfhreagraíonn don teorainn 10 % dá dtagraítear ann a chinneadh.

PUBLIC

*Airteagal 3*

Leithreasuithe nach bhfuil gealltanas tugtha ina leith faoi dheireadh na bliana airgeadais 2022, déanfar iad a chur ar ceal agus a íoc ar ais leis na Páirtithe i gcomhréir leis na céatadáin a leagtar síos in Iarscríbhinn V den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus na ranníocaíochtaí iarbhír a íocadh.

PUBLIC

Arna dhéanamh i/sa..., an....

*Thar ceann Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh an Chomhphobail Iompair*
*An tUachtarán*

BUISÉAD AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR LE hAGHAIDH 2023

| Líne bhuiséid | Méid (EUR) |
|---|---|
| 1. An Bhuanrúnaíocht | |
| 1.1. Acmhainní Daonna | 1 502 097 |
| 1.2. Costais taistil | 119 220 |
| 1.3. Costais oifige, trealamh agus bogearraí | 64 150 |
| 1.4. Costais agus seirbhísí eile, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:<br>Seirbhísí seachfhoinsithe agus seirbhísí eile (Iniúchadh, Infheictheacht, Oiliúint Foirne, Muirir Bhainc)<br>– Costais Chruinnithe agus Chomhdhála<br>– Costais Theicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide<br>– Costais Earcaíochta | 543 117 |
| 1.5. Staidéir, Cúnamh teicniúil chun tacú le *acquis* agus Pleananna Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme[1] | 730 000 |
| - An méid atá ina chreidmheasanna nua | 510 000 |
| - Méid na leithreasuithe buiséid a dtugtar anonn a chomhfhreagraíonn d'oibleagáidí a shínítear ag deireadh 2022 agus a bhfuil íocaíochtaí dlite ina leith in 2023 | 220 000 |
| 2. An Chomhairle Aireachta | |
| 2.1. Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 28 000 |
| 3. An Coiste Stiúrtha Réigiúnach | |
| 3.1. Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 18 560 |

[1] Cinnfear an méid iomlán ar thabhairt i gcrích nósanna imeachta agus conarthaí seirbhíse a shínítear le linn R3 de 2022



PUBLIC

| Líne bhuiséid | | Méid<br>(EUR) |
|---|---|---|
| 4. | Coistí Teicniúla | |
| 4.1. | Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 177 300 |
| 5. | An Fóram Sóisialta | |
| 5.1. | Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 10 800 |
| 6. | An Coiste um an mBuiséad | |
| 6.1. | Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 5 720 |
| Iomlán na gcreidmheasanna nua (gan an Cúlchiste Buiséid san áireamh) | | 2 978 964 |
| An Cúlchiste Buiséid (thart ar 3 % de na creidmheasanna nua) | | 81 036 |
| Iomlán na gcreidmheasanna nua | | 3 060 000 |
| Iomlán na tabhartha anonn ó 2022 | | 220 000 |
| Móriomlán | | 3 280 000 |
| Ranníocaíocht ón Aontas Eorpach (80 % de na creidmheasanna nua) | | 2 448 000 |
| Ranníocaíocht ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa (20 % de na creidmheasanna nua: In Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair gheofar an dáileadh in aghaidh gach tíre) | | 612 000 |

PUBLIC